NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Amharc-ealaín

## Modúl Roghnach

**Foilseofar clóscríobh agus leagan deartha de na modúil seo i mí Mheán Fómhair 2025. Tá an t-eolas atá sna cáipéisí seo, lena n-áirítear na Torthaí Foghlama, críochnaithe agus ní athróidh sé.**

## Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea an Amharc-ealaín.

Dearadh an Amharc-ealaín le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad d'am teagaisc/teagmhála ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Amharc-ealaín | 60 |

## Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Bealach is ea an ealaín chun cumarsáid amhairc a dhéanamh. Is teanga í a chuireann cruth ar smaointe. Is é is aidhm don Amharc-ealaín forbairt a dhéanamh ar rannpháirteachas fisiciúil, céadfach agus mothúchánach na scoláirí leis an domhan ealaíonta mórthimpeall orthu agus tacú leis sin, lena chur ar a gcumas a gcuid mothúchán agus eispéireas a fhiosrú agus chur in iúl. Cabhraíonn sí leis na scoláirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngach cineál ealaíne ar scoil, sa bhaile agus sa phobal, trína bheith rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí agus eispéireas ealaíonta agus taitneamh a bhaint astu.

Is meán í an Amharc-ealaín don fhéinléiriú, don chruthaitheacht agus don aimsiú, a ligeann do na scoláirí díriú ar an gcumarsáid, ar an bhfreagairt agus ar an bhféinléiriú, inar féidir leis na scoláirí a bheith ag plé lena gcuid scileanna ealaíonta, idirphearsanta, inphearsanta agus cumarsáide agus a bheith á bhforbairt. Cuirfear feabhas ar mhuinín agus ar fholláine trí chéile na scoláirí leis an rannpháirtíocht san Amharc-ealaín, de réir mar a fhaigheann siad taithí ar ghníomhaíochtaí ealaíonta i suíomh struchtúrtha agus tacúil. Leis an taithí sin, braithfidh na scoláirí go bhfuil éacht déanta acu, forbrófar teacht aniar iontu agus cuirfear lena bhféinmhuinín.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar thuiscint na scoláirí ar an mbealach ar féidir taitneamh a bhaint as an ealaín, chomh maith leis an tábhacht atá léi sa saol, cuirtear le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt scileanna saoil tábhachtacha chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá an modúl seo deartha chun foghlaim agus eispéiris na scoláirí ón tsraith shóisearach a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn. Tá an modúl struchtúrtha chun leanúnachas a sholáthar ó Churaclam Ealaín na Bunscoile agus ó shonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí agus chun a bhfoghlaim a chur chun cinn, a fheabhsú agus a dhoimhniú sa tsraith shinsearach.

Tacaítear le forbairt agus cur chun cinn phríomhscileanna na scoláirí san Amharc-ealaín, scileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh agus cuirtear chun cinn forbairt agus foghlaim i réimsí amhail cumarsáid, teanga, uimhearthacht, comhordú luaile agus feasacht ar spásúlacht.

Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a bheith nasctha leis an bhfoghlaim roimhe seo, le réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a chuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta, Ceol, An tAm atá Thart i m'Áit, Drámaíocht, A bheith Rannpháirteach sa Phobal nó a réimse sainspéise.

Mar thoradh air sin, neartófar foghlaim agus cuirfear chun cinn inniúlacht na scoláirí le bheith gníomhach, cumarsáid a dhéanamh agus caidrimh a bheith acu. Tá an méid sin ina chuidiú chun eispéireas foghlama leanúnach a sholáthar do na scoláirí ar feadh na sraithe sinsearaí. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Leagtar béim sa mhodúl Amharc-ealaíne ar an rannpháirtíocht ghníomhach, ar an rannpháirtíocht shóisialta, agus ar an bhfoghlaim chéadfach phraiticiúil eispéireasach, ag díriú ar an aimsiú treoraithe. Ba cheart na scoláirí a spreagadh le bheith ag plé le réimse ábhar, uirlisí agus teicnící ealaíne, a roghanna a shainaithint agus tús a chur le tuiscint a fháil ar choincheap na healaíne ar bhealach dáiríre. Foghlaimíonn na scoláirí gur rud pearsanta, ach uilíoch é foghlaim na ealaíne.

Baineann na scoláirí na torthaí foghlama amach trí mheán na ngníomhaíochtaí. Dá bharr sin, ba cheart go ndéanfaí iarracht sna scoileanna ar na scoláirí a spreagadh le tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí a dearadh chun a chumasú dóibh léirthuiscint a fháil ar an domhan ealaíonta mórthimpeall orthu. Is féidir leis na scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair, chomh maith le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mar chuid de ghrúpa agus ba cheart cuid mhór deiseanna a thabhairt dóibh chun taithí a fháil ar an spraoi, ar an taitneamh agus ar na gnéithe sóisialta cruthaitheacha a bhaineann leis an Amharc-ealaín. Cuirtear an caidreamh sóisialta agus an chumarsáid chun cinn sna tionscadail chomhoibríocha, de réir mar a phléann na scoláirí lena bpiarghrúpa agus leis an bpobal i gcoitinne.  Cé go liostáiltear gníomhaíochtaí áirithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus conláistí áitiúla agus ábhair spéise na scoláirí. Áirítear ar shamplaí de ghníomhaíochtaí, gan bheith teoranta dóibh: a bheith ag obair le péint, spúinsí, criáin, pinn luaidhe, pastail, cailceanna, cré, marla, páipéar gainimh, éadach, grianghrafadóireacht, físeán, meáin dhigiteacha. Lego, gníomhaíochtaí scoile amhail seó na scoile, stáisiúin dhifriúla a chur ar bun le huigeachtaí difriúla, ábhair thógála, uirlisí, ina measc sin teicneolaíochtaí ábhartha, cuairteanna ar áiteanna atá inspéise ó thaobh na healaíne de, aoi-ealaíontóirí, cuairteanna ar dhánlanna, ar thaispeántais nó ar iarsmalanna. Dá bhrí sin, bíonn na scoláirí in ann an amharc-ealaín a fhiosrú ar a luas féin, agus bítear in ann tuilleadh acmhainní a thabhairt do na scoláirí mar aon le deiseanna rannpháirtíochta san fhíorshaol.

Déantar gníomhaíochtaí amharc-ealaíne a struchtúrú ar bhealach ina dtacaítear le forbairt fhisiciúil agus mhothúchánach na scoláirí, atá solúbtha maidir le freastal ar riachtanais scoláirí ar leith san am céanna. Tógtar scileanna luaile go nádúrtha mar thoradh ar go leor gníomhaíochtaí ealaíonta, mar shampla breith ar scuaba, páipéar a stróiceadh, marc-chruthú, a bheith ag dealbhú le cré nó le marla. Forbraítear neart, smacht, agus cuirtear an comhordú chun cinn mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, agus chomh maith leis sin tacaítear le forbairt na samhlaíochta, de réir mar a phléann na scoláirí leis an bpróiseas cruthaitheach.

Is féidir ceisteanna a bheith i gceist agus gníomhaíochtaí ealaíne na scoláirí á bpleanáil ag múinteoir dóibh. Is féidir go mbeidh feidhm aige sin maidir le trealamh, teicneolaíocht agus gníomhaíochtaí taiscéalaíocha a roghnú atá oiriúnach do riachtanais na scoláirí. Túsphointe foghlama le haghaidh scoláirí ar leith is ea éirí compordach le huigeachtaí, fuaim agus boladh na n-ábhar ealaíne, fad agus a bheidh scoláirí eile ag brath go hiomlán ar an teicneolaíocht chun a bheith ag cruthú.

I gcás inar cuí, úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí líníochta don líne ardaithe, uirlisí oiriúnaitheachta don chruthú agus gléasanna cumarsáide, leideanna amhairc agus réad, is féidir inniúlacht na scoláirí a fheabhsú chun a bheith ag plé leis an gcuraclam.

# Modúl: Amharc-ealaín

## Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh an scoláire taithí ar chineálacha éagsúla Amharc-ealaíne, glacfaidh sé páirt iontu agus bainfidh sé sult astu mar dhuine aonair agus laistigh de ghrúpa. Cuireann an modúl seo ar chumas na scoláirí gníomhaíochtaí ealaíonta a shainaithint a thaitníonn leo agus spreagtar iad le tabhairt faoin ealaín laistigh agus lasmuigh den scoil.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **A bheith i do chruthaitheoir ealaíne**<br>Cruthaíonn na scoláirí a gcuid ealaíne féin ina dtugtar léiriú ar a gcuid mothúchán nó eispéireas féin, agus spreagtar iad le smaoineamh ar conas a mhothaíonn siad nó an méid is mian leo a thaispeáint trína gcuid oibre. Is ar an bpróiseas a leagtar an bhéim, chun sult a bhaint as an ealaín. Baineann na scoláirí triail as an bpróiseas ealaíonta, agus faigheann siad taithí air, chun a gcuid oibre féin a chruthú. | a. a bheith ag plé le gnéithe difriúla ealaíne, mar shampla an uigeacht, an dath, na hábhair, ag baint úsáid as lámha, uirlisí nó teicnící<br>b. gnéithe a roghnú, mar shampla, an uigeacht, an dath, na línte, na hábhair nó an fhoirm le haghaidh tasc a bhfuil cur amach acu air<br>c. spota, dath, líne agus cruth a shainaithint agus iad a thabhairt le chéile chun breathnú ar an toradh<br>d. scileanna agus roghanna pearsanta a shainaithint maidir le healaín a chruthú<br>e. teicníc nó próisis shamplacha nó a bhfuil cur amach acu orthu a leanúint chun saothar a chruthú<br>f. saothar ealaíne a chruthú bunaithe ar thaithí phearsanta, ar mhothúchán nó ar an tsamhlaíocht<br>g. leas a bhaint as an ealaín chun mothúcháin a chur in iúl go fisiúil<br>h. ealaín a chruthú a bhfuil gné éisteachta ag baint léi (m.sh., ealaín a chruthú a ghabhann le fuaimeanna nó leas a bhaint as ábhair a dhéanann fuaim nuair a leagtar lámh orthu)<br>i. an méid a spreag a saothar a chur in iúl<br>j. cur síos a dhéanamh ar na teicnící cruthaitheacha, ar na hábhair, ar na próisis, ar na hacmhainní, ar na huirlisí nó ar na teicneolaíochtaí a úsáideadh chun a gcuid oibre féin a chruthú<br>k. cumadóireacht mhaith i saothar cruthaitheach a shainaithint<br>l. freagra a thabhairt ar cheisteanna faoi ghnéithe ar leith de shaothar cruthaitheach, sa ghnáth-theanga laethúil<br>m. cur síos a dhéanamh ar a gcuid oibre ag baint úsáid as an teanga nó as an téarmeolaíocht chuí |
| **Ciall na healaíne**<br>Freagraíonn na scoláirí don ealaín. Labhraíonn siad faoina n-amharc-ealaín féin, nó faoi amharc-ealaín duine eile, ag éirí níos muiníní ina saothar ealaíonta féin. | n. ealaín ina dtimpeallacht áitiúil a shainaithint agus a aithint<br>o. rogha nó tuairim i leith saothar ealaíne nó saothar duine eile a chur in iúl<br>p. tuairim a chur in iúl maidir leis an gcuma ba cheart a bheith ar shaothar<br>q. a gcuid saothar ealaíne féin a ullmhú le taispeáint |

| | |
|---|---|
| | r. roinnt teanga theicniúil a thuiscint, m.sh. imir, treoir, ton<br>s. oibriú de réir na treorach a tugadh<br>t. ealaín ó chultúir dhifriúla, tréimhsí ama difriúla agus stíleanna ealaíne difriúla a aithint<br>u. smaointe faoi ealaín ó chultúir éagsúla a chur in iúl<br>v. eolas ar roinnt ealaíontóirí, dearthóirí agus seánraí ó áiteanna agus amanna difriúla a léiriú<br>w. a aithint conas a bhaineann roinnt stíleanna agus dearaí le cultúr an ama atá thart agus an ama i láthair |

## Gluais téarmaí

| Téarma | |
|---|---|
| Foirm | Tagraítear do réada tríthoiseacha le foirm. Bíonn trí thoise ag foirmeacha (airde, leithead agus doimhneacht) |
| Cumadóireacht | Is éard atá i gceist le cumadóireacht ná an bealach a ndéantar na gnéithe difriúla den saothar ealaíne a chóiriú |
| Marc-chruthú | Déantar cur síos le marc-chruthú ar an mbealach a dtáirgeann ealaíontóirí línte, spotaí, marcanna, patrúin agus uigeachtaí difriúla. Féadann marc-chruthú a bheith cruthaitheach agus eispéireasach – is féidir tabhairt faoi le hábhar agus uirlis ar bith. Áirítear le cineálacha difriúla marc-chruthaithe na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:<br>• breicniú<br>• dabáil<br>• doirteadh<br>• spreachallú<br>• scriobláil |

